An Deontas le haghaidh Clár Bliantúil

Eanáir 2017–Nollaig 2017

Treoirlínte d'iarratasóirí

Spriocdháta: 5.30pm, Déardaoin 8 Meán Fómhair, 2016

An Deontas le haghaidh Clár Bliantúil: seicliosta don iarratas

Úsáid na seicliostaí thíos chun a chinntiú go bhfuil d'iarratas ar mhaoiniú an Deontais le haghaidh Clár Bliantúil comhlánaithe go hiomlán.

Míreanna atá éigeantach i gcás gach iarratais **(seiceáil gach ceann de na míreanna seo)**

- ☐ Tá gach cuid den fhoirm iarratais a bhaineann lenár n-iarratas comhlánaithe againn.
- ☐ Chuireamar an fhaisnéis airgeadais dár gcuid ar fáil go díreach ar Sheirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon.
- ☐ Chomhlánaíomar Teimpléad um Athbhreithniú Airgeadais agus tá sé sin réidh le huaslódáil againn.
- ☐ D'ullmhaíomar cuntais bhainistíochta don bhliain airgeadais reatha agus tá siad sin réidh le huaslódáil againn.
- ☐ D'ullmhaíomar buiséid léiriúcháin nó faisnéis airgeadais chuí eile agus tá siad sin réidh le huaslódáil againn.

Míreanna atá éigeantach i gcás iarratais áirithe **(seiceáil iad siúd a bhaineann le d'iarratas)**

- ☐ Tá obair le leanaí nó le daoine óga faoi ocht mbliana déag d'aois, nó saothar a chur i láthair an aoisghrúpa seo, i gceist lenár n-iarratas, agus tá cóip de *Bheartas um Chosaint agus Leas Leanaí* dár gcuid curtha isteach againn leis an iarratas seo. Agus an beartas seo á chur isteach againn, deimhnímid gur forbraíodh é i gcomhar le *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* agus go dtagann sé leis na prionsabail atá ansin. Tabhair cuairt ar www.tusla.ie
- ☐ Tá obair le hainmhithe i gceist lenár dtogra, agus tá cóip de *Bheartas agus Nósanna Imeachta um Chosaint agus Leas Ainmhithe* dár gcuid réidh le huaslódáil againn.
- ☐ Mar chuid dár n-iarratas, tá tacaíocht nó urraíocht airgeadais ó eagraíochtaí nó ó dhaoine aonair luaite againn, agus tá fianaise ar an tacaíocht sin réidh le huaslódáil againn.

An dara tuairim **(seiceáil an mhír seo)**

- ☐ Rinne beirt ar a laghad inár n-eagraíocht ár n-iarratas a sheiceáil chun a chinntiú nach bhfuil aon earráidí ann agus nach bhfuil aon rud ar iarraidh.

Cabhair a fháil le d'iarratas

- Más é seo an chéad uair agat iarratas a chur isteach chuig an gComhairle Ealaíon, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an mBainisteoir/foireann ábhartha ealaíon roimh ré.
- Má tá ceist theicniúil agat faoi shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne a úsáid, is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie
- Tá freagraí ar cheisteanna coitianta maidir leis na seirbhísí ar líne a úsáid ar fáil sa rannán Ceisteanna Coitianta ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon ag: http://www.artscouncil.ie/Teigh-i-dteagmhail-linn/FAQS/Seirbhisi-ar-line/Seirbhisi-ar-line/
- Téigh chuig an nasc seo a leanas chun féachaint ar ár dtreoir ar YouTube maidir le hiarratas a dhéanamh: http://www.youtube.com/artscouncildemos
- Má tá cabhair uait maidir leis an méid atá i d'iarratas, cuir glaoch ar an gComhairle Ealaíon ar 01 6180200 nó cuir ríomhphost chuig awards@artscouncil.ie
- Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarracht freastal réasúnta a dhéanamh ar dhaoine faoi mhíchumas ar mian leo iarratas a chur isteach nó a bhfuil deacrachtaí acu teacht ar Sheirbhísí ar Líne. Má tá riachtanas speisialta agat sa réimse sin, déan teagmháil le Adrienne Martin, Oifigeach Rochtana na Comhairle Ealaíon, ar an nguthán (01 6180219) nó trí ríomhphost (adrienne.martin@artscouncil.ie) trí seachtaine ar a laghad roimh an spriocdháta.

1. Maidir leis an Deontas le haghaidh Clár Bliantúil

1.1 An spriocdháta chun iarratais a chur isteach

Ní mór gach iarratas a dhéanamh trí úsáid a bhaint as Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon.

Is é an spriocdháta i gcomhair iarratas: **5.30pm, Déardaoin 8 Meán Fómhair, 2016**

1.2 Cuspóir an Deontais le haghaidh Clár Bliantúil

Is é aidhm an Deontais le haghaidh Clár Bliantúil cúnamh a thabhairt d'iarratasóirí le costas a gcláir ealaíne. Níl sé i gceist leis an scéim go dtabharfaí tacaíocht le haghaidh costais leanúnacha oibriúcháin/riaracháin.

1.3 Critéir chun iarratais a mheasúnú

Tá trí ghné a mhínítear thíos i gceist le critéir na Comhairle Ealaíon chun iarratais a mheasúnú faoin gclár um Maoiniú Bliantúil don tréimhse idir **an 1** Eanáir **2017 agus an 31 Nollaig 2017**. Cuirfear gach ceann acu san áireamh agus cinntí á ndéanamh i leith maoiniú.

1. Tosaíochtaí beartais na Comhairle Ealaíon

Ba chóir d'iarratasóirí a bheith feasach go ndéanfar measúnú foirmiúil ar na hiarratais ar Mhaoiniú Ioncaim i gcomhthéacs straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon (2016-2025), *Saothar Iontach Ealaíne Tháirgeadh: Forbairt na nEalaíon in Éirinn a Threorú* (ar fáil anseo: http://www.artscouncil.ie/ga/straiteis-na-comhairle-ealaion/), plean trí bliana na Comhairle Ealaíon (ar fáil anseo: http://www.artscouncil.ie/Baile/) agus, go háirithe, an dá réimse beartais is mó tosaíochta:

- an t-ealaíontóir
- rannpháirtíocht an phobail.

2. Cáilíocht ealaíne an togra

Úsáidfidh an Chomhairle Ealaíon na ceannteidil seo a leanas mar threoir agus an cháilíocht ealaíne á measúnú aici:

- Úrnuacht
- Uaillmhian
- Ceangal
- Cumas teicniúil
- Freagairt phearsanta.

Tá na ceannteidil seo curtha le chéile mar thoradh ar mheasúnú cúramach mionsonraithe ar an tslí le cáilíocht ealaíne a mheasúnú. Ba í an Chomhairle Ealaíon a rinne an measúnú sin in 2000, le cabhair ó François Matarasso. Más áil leat níos mó a fháil amach faoi sin, feic *Weighing poetry: Exploring Funding Criteria for Assessing Artistic Quality*.[1]

Is é an sainmhíniú ar 'cáilíocht ealaíne' atá á mholadh anseo saothar atá uaillmhianach agus úrnua, a bhfuil cumas teicniúil ann, trína ndéantar ceangal le daoine agus a théann i bhfeidhm orthu ar shlí dhúshlánach, thairbheach, mharthanach.

Ní mhaímid an sainmhíniú sin a bheith iomlán, ná ní hionann na ceannteidil sin agus 'foirmle' lena socraítear cad is 'dea-ealaín' nó 'drochealaín' ann. Teastaíonn breithiúnas agus taithí *daoine* chun cáilíocht ealaíne a mheasúnú i gcónaí. Is é atá sna ceannteidil seo ná treoir lena n-éascaítear an plé ar mheasúnú ar cháilíocht ealaíne.

3. Cé chomh héifeachtach is atá bainistiú na heagraíochta atá ag déanamh iarratais

Chomh maith leis na critéir ealaíne, tabharfaidh an Chomhairle Ealaíon aird ar ghnéithe eile d'obair gach eagraíochta atá ina hiarrthóir. Go ginearálta, tagraíonn sé sin do bhunús oibríochtúil na heagraíochta, .i. cé chomh maith is atá sí á reáchtáil. Nuair is iomchuí, cuirfear na nithe a leanas san áireamh:

- An méid atá bainte amach ó thaobh na n-ealaíon de
- Struchtúir rialachais atá éifeachtach, feidhmiúil agus cuí
- Bainistíocht acmhainní
  - leibhéal cuí réamhphleanála
  - dea-bhainistíocht acmhainní
  - rialú bainistíochta agus airgeadais
  - inniúlacht agus solúbthacht maidir le hacmhainní a sholáthar agus a bhainistiú, idir acmhainní tuillte nó neamhthuillte
  - nósanna imeachta leanúnacha monatóireachta agus meastóireachta
- Ealaíontóirí agus lucht féachana
  - dea-chleachtais fostaíochta agus pá réasúnta d'ealaíontóirí agus d'fhostaithe eile
  - tacaíochtaí oiriúnacha a chur ar fáil do lucht féachana (lena n-áirítear cúram, soláthar faisnéise agus leibhéal rannpháirtíochta)
  - ardchaighdeán seirbhíse agus/nó soláthar clár
  - bainistíocht éifeachtach ar shaincheisteanna a bhaineann leis an bhfoirgneamh d'fhonn áiseanna den scoth a chur ar fáil i gcomhair ealaíontóirí agus/nó an phobail

[1] http://www.artscouncil.ie/uploadedfiles/matarassoweighingpoetry.doc

2. D'iarratas a dhéanamh

2.1 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon

Ní mór gach iarratas a dhéanamh trí Sheirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon; ní ghlacfar le hiarratais a dhéanfar ar bhealach ar bith eile (tríd an bpost, ar fhacs nó ar an ríomhphost).

Ní mór duit cuntas Seirbhísí ar Líne a bheith agat chun iarratas a dhéanamh. Mura bhfuil cuntas Seirbhísí ar Líne agat cheana féin, cláraigh do chuntas tríd an bhfoirm chlárúcháin a chomhlánú anseo: https://onlineservices.artscouncil.ie/register.aspx?&lang=gd-ge.

Laistigh de chúig lá oibre, seolfar ARN (uimhir thagartha ealaíontóra) uathúil agus pasfhocal chugat (i ríomhphost), agus beidh tú in ann úsáid a bhaint astu chun logáil isteach ar na Seirbhísí ar Líne.

Riachtanais maidir leis na Seirbhísí ar Líne a úsáid

Ní mór do do ríomhaire agus don bhrabhsálaí Idirlín na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh ionas go n-oibreoidh na seirbhísí ar líne duit:

PC	Windows 7 nó níos déanaí *le* Internet Explorer 8.0 nó níos déanaí NÓ Firefox 27 nó níos déanaí NÓ Chrome 33 nó níos déanaí
Mac	Mac OS X v10.5 Leopard nó níos déanaí *le* Safari 3.1 nó níos déanaí NÓ Firefox 27 nó níos déanaí nó Chrome 32 nó níos déanaí

Tabhair faoi deara:Ní mór duit Microsoft Word nó OpenOffice Writer a bheith agat ar do ríomhaire freisin chun an fhoirm iarratais a chomhlánú. Is bogearraí saor in aisce é OpenOffice Writer is féidir a íoslódáil óhttp://www.openoffice.org.

Ní mór duit leagan OpenOffice Writer 4.0.1 nó níos luaithe a úsáid.

Mura féidir leat aon cheann de na riachtanais sin a chomhlíonadh nó mura dtuigeann tú iad, téigh i dteagmháil linn le comhairle a fháil chomh luath agus is féidir leat roimh an spriocdháta.

Fág do dhóthain ama agat féin chun an t-iarratas a chomhlánú

Ba chóir duit eolas a chur ar shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne tamall maith roimh an spriocdháta agus sula dtosaíonn tú ag ullmhú iarratais. Is dócha go mbeidh an-chuid cuairteoirí ar an suíomh tráthnóna an spriocdháta. Ba chóir duit d'iarratas a ullmhú agus é a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.

D'fhéadfadh an t-am uaslódála a bheith i bhfad níos faide ná an t-am íoslódála. D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé níos faide ná mar a cheapfá d'ábhar tacaíochta a uaslódáil.

Tacaíocht theicniúil

Má bhíonn tacaíocht theicniúil uait agus iarratas ar líne á dhéanamh agat, is féidir leat dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon ach ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie nó glaoch a chur ar 01 6180200. Molaimid duit aon deacrachtaí teicniúla a thuairisciú dúinn tamall maith roimh an spriocdháta. Tabhair uimhir ghutháin agus déan cinnte go bhfuil tú ar fáil chun glaoch uainn a fhreagairt.

Déileálaimid le fiosruithe ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce.

Cuimhnigh go ndéantar anrud glaonna ag druidim leis an spriocdháta agus go mb'fhéidir nach réiteofar glaonna i dtaobh tacaíocht theicniúil a gheofar tar éis 2.30pm tráthnóna an spriocdháta.

2.2 Líon isteach an fhoirm iarratais

Mura bhfuil sé seo déanta agat cheana féin, íoslódáil an fhoirm iarratais don chlár um an Deontas le haghaidh Clár Bliantúil. Is cáipéis atá comhoiriúnach le Microsoft Word/OpenOffice Writer í an fhoirm iarratais, a chomhlánóidh tú as líne (ar do ríomhaire féin). Tugtar treoir ar an bhfoirm iarratais maidir le conas gach cuid den fhoirm a líonadh isteach.

1. Sonraí na heagraíochta	Tabhair sonraí faoi do bhord, do choiste nó do bhord rialaithe agus faoi d'fhoireann – ealaíonta, neamhealaíonta, foireann na Scéime Fostaíochta Pobail agus foireann dheonach.
2. Gníomhaíochtaí roimhe seo	Cuireann an Chomhairle Ealaíon d'fheidhmíocht le linn na tréimhse 1 Aibreán 2016-31 Nollaig 2016 san áireamh agus d'iarratas á mheas. Tabhair sonraí faoin méid seo a leanas i dTábla A le do thoil: **PRÍOMHCHOSTAIS:** tabhair sonraí faoin gcaiteachas agus faoin ioncam a bhfuil tú ag súil leis maidir le príomhchostais don tréimhse 1 Aibreán 2016–31 Nollaig 2016. Is iad sin na costais go léir nach mór duit a chomhlíonadh sula gcuireann tú san áireamh na costais a bhaineann le cláreagrú agus gníomhaíochtaí eile. Ba cheart go gcuirfí san áireamh leo tuarastail, cíos, costais chumarsáide, costais fóntas, agus costais ghinearálta mhargaíochta agus forbartha lucht féachana. ● **Caiteachas:** iomlán na bpríomhchostas ● **Ioncam:** méid an mhaoinithe ón gComhairle Ealaíon a úsáidtear le haghaidh príomhchostas agus an méid ioncaim ó fhoinsí eile a úsáidtear le haghaidh príomhchostas. Ba chóir go gcuirfí foireann ar conradh agus costais dhíreacha fógraíochta agus mhargaíochta i dtaca le sainghníomhaíocht, mar shampla léiriú, taibhiú nó taispeántas, san áireamh faoi na costais ghníomhaíochta don ghníomhaíocht a mbaineann siad léi. **COSTAIS GHNÍOMHAÍOCHTAÍ:** maidir le gach gníomhaíocht a chuir nó a chuirfidh d'eagraíocht i gcrích le linn na tréimhse 1 Aibreán 2016–31 Nollaig 2016, tabhair an t-eolas seo a leanas le do thoil: ● **Teideal na gníomhaíochta** agus **cur síos uirthi:** ag brath ar an gcineál gníomhaíochta atá i gceist, d'fhéadfaí na sonraí seo a thabhairt – ionad, líon na n-ealaíontóirí atá i gceist, ainmneacha na bpríomhealaíontóirí, comhoibriú le heagraíochtaí ealaíon nó le daoine eile, agus aon fhaisnéis eile faoin ngníomhaíocht a bhfuil tábhacht léi dar leat. ● **Caiteachas:** costas na gníomhaíochta – cuir san áireamh na costais go léir um chur chun cinn, um margaíocht agus um fhorbairt lucht féachana a bhaineann go sonrach leis an ngníomhaíocht. ● **Ioncam:** méid an mhaoinithe ón gComhairle Ealaíon (más ann dó) a d'úsáid tú nó a úsáidfidh tú don ghníomhaíocht sin *agus* ioncam ar bith ó fhoinsí eile a fuair tú nó a mheasann tú go bhfaighidh tú i ndáil leis an ngníomhaíocht sin – d'fhéadfadh ioncam ón díoloifig agus díolacháin eile, urraíocht, cúnamh deontais ó chomhlachtaí eile, táillí nó dleachtanna (nuair is cuí) a bheith san áireamh leis sin. ● **Lucht féachana:** figiúirí dáiríre agus/nó figiúirí réamh-mheasta maidir le lucht féachana – ag brath ar d'fhoirm ealaíne nó do chleachtas ealaíon, d'fhéadfadh lucht léitheoireachta (líon na gcóipeanna a dhíoltar) nó rannpháirtithe nó tairbhithe de chineálacha eile a bheith i gceist leis sin. Déan cinnte go bhfuil an fhaisnéis sin cruinn agus infhíoraithe.

Cuir na gníomhaíochtaí in ord tosaíochta - is é sin, tosaigh amach leo siúd ba mhó ar bhain tábhacht leo do d'eagraíocht le linn na tréimhse 1 Aibreán 2016-31 Nollaig 2016, agus bí cinnte go gcuireann tú isteach an t-iomlán ag bun gach colúin. Cuir rónna breise leis más gá duit.

Má d'eagraigh tú camchuairt mar chuid de do chlár maoinithe, iarrtar ort cur síos a dhéanamh air sin mar ghníomhaíocht ar leith. Má rinne tú camchuairt (nó má tá sé i gceist agat camchuairt a dhéanamh) le tacaíocht ón Scéim Camchuairte agus Scaipthe Saothair, iarrtar ort é seo a chur isteach mar ghníomhaíocht ar leith; ní gá duit eolas airgeadais a chur leis.

3. Gníomhaíochtaí atá beartaithe

Cuireann an Chomhairle Ealaíon san áireamh an clár gníomhaíochtaí atá beartaithe agat don tréimhse **1 Eanáir-31 Nollaig 2017** agus d'iarratas á mheas.

Tabhair sonraí faoin méid seo a leanas i dTábla B, le do thoil:

- **PRÍOMHCHOSTAIS:** tabhair sonraí faoin gcaiteachas agus faoin ioncam a bhfuil tú ag súil leis maidir le príomhchostais don tréimhse **1 Eanáir-31 Nollaig 2017**. Is iad sin na costais go léir nach mór duit a chomhlíonadh sula gcuireann tú san áireamh na costais a bhaineann le cláreagrú agus gníomhaíochtaí eile. Ba cheart go gcuirfí san áireamh leo tuarastail, cíos, costais chumarsáide, costais fóntas, agus costais ghinearálta mhargaíochta agus forbartha lucht féachana.
  - **Caiteachas:** iomlán na bpríomhchostas
  - **Ioncam:** méid an mhaoinithe ón gComhairle Ealaíon a úsáidtear le haghaidh príomhchostas agus an méid ioncaim ó fhoinsí eile a úsáidtear le haghaidh príomh chostas.

  Ba chóir go gcuirfí foireann ar conradh agus costais dhíreacha fógraíochta agus mhargaíochta i dtaca le sainghníomhaíocht, mar shampla léiriú, taibhiú nó taispeántas, san áireamh faoi na costais ghníomhaíochta don ghníomhaíocht a mbaineann siad léi.

- **COSTAIS GHNÍOMHAÍOCHTAÍ:** maidir le gach gníomhaíocht a bhfuil sé i gceist ag d'eagraíocht tabhairt fúithi le linn na tréimhse 1 Eanáir-31 Nollaig 2017, tabhair an t-eolas seo a leanas le do thoil:
  - **Teideal na gníomhaíochta** agus **cur síos uirthi:** ag brath ar an gcineál gníomhaíochta atá i gceist, d'fhéadfaí na sonraí seo a thabhairt – ionad, líon na n-ealaíontóirí atá i gceist, ainmneacha na bpríomhealaíontóirí, comhoibriú le heagraíochtaí ealaíon nó le daoine eile, agus aon fhaisnéis eile a shíleann tú go mbaineann sí le hábhar.
  - **Cuspóir na gníomhaíochta:** sonraigh cuspóir na gníomhaíochta le do thoil - e.g. seirbhísí/tacaíochtaí a chur ar fáil d'ealaíontóirí; gníomhaíochtaí/deiseanna rannpháirtíochta poiblí a chur ar fáil; saothar a chur i láthair lucht féachana.
  - Tabhair an oiread sonraí ábhartha faoi gach gníomhaíocht agus is féidir leat ag an bpointe seo le do thoil.
  - Má tá tú ag cur buiséad mionsonraithe ar fáil do ghníomhaíocht mar dhoiciméad tacaíochta ar leith, déan tagairt dó anseo.
- **Caiteachas:** costas na gníomhaíochta – cuir san áireamh na costais um chur chun cinn, um margaíocht agus um fhorbairt lucht féachana a bhaineann go sonrach leis an ngníomhaíocht.
- **Ioncam:** méid an mhaoinithe ón gComhairle Ealaíon (más ann dó) atá á lorg agat don ghníomhaíocht *agus* ioncam ar bith ó fhoinsí eile a bhfuil tú ag súil lena fháil maidir leis an ngníomhaíocht - d'fhéadfadh ioncam ó oifig na dticéad agus ó dhíolacháin eile, urraíocht, deontais

	ó fhorais eile, agus táillí nó dleachtanna (má bhaineann) a bheith san áireamh anseo. ● **Lucht féachana/rannpháirtithe:** figiúirí réamh-mheasta maidir le líon lucht féachana/rannpháirtithe – ag brath ar d'fhoirm ealaíne nó do chleachtas ealaíon, d'fhéadfadh lucht léitheoireachta (líon na gcóipeanna a dhíoltar) nó rannpháirtithe nó tairbhithe de chineálacha eile a bheith i gceist leis seo. Cuir san áireamh na gníomhaíochtaí uile atá beartaithe agus a bhfuil tábhacht leo i bpleananna d'eagraíochta, fiú mura bhfuil maoiniú na Comhairle Ealaíon á lorg agat dóibh – m.sh. urraíocht a lorg, taighde margaidh, tiomsú airgid, oiliúint, srl. Cuideoidh sé sin leis an gComhairle Ealaíon tuiscint a fháil ar iomláine ghníomhaíochtaí beartaithe d'eagraíochta. Cuir na gníomhaíochtaí in ord tosaíochta - is é sin, tosaigh amach leo siúd is cinnte agus is forbartha, agus bí cinnte go gcuireann tú isteach an t-iomlán ag bun gach colúin. Cuir rónna breise leis más gá duit. Má tá sé ar intinn agat dul ar camchuairt mar chuid de chlár oibre, cuir é sin in iúl mar ghníomhaíocht ar leith. Má tá sé i gceist agat camchuairt a eagrú le tacaíocht ón Scéim Camchuairte agus Scaipthe Saothair, iarrtar ort é seo a chur isteach mar ghníomhaíocht ar leith; ní gá duit eolas faoi chúrsaí airgeadais a chur leis. ● **Faisnéis Bhreise** Táthar ag lorg i **Rannán 3.2-3.5** tuilleadh eolais bhreise maidir le luach saothair ealaíontóirí, maidir le pleananna idirnáisiúnta, agus maidir le líon luchta féachana, d'fhonn cuidiú leis an gComhairle Ealaíon a tuiscint agus a heolas ar ghníomhaíochtaí agus/nó ar chur chuige sna réimse seo a fhorbairt.
4. Faisnéis airgeadais	Is é an tslí is fearr le faisnéis airgeadais a chur ar fáil ná í sholáthar go díreach ar Sheirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon. Lena chois sin, ní mór duit cuntais bhainistíochta agus Teimpléad um Athbhreithniú Airgeadais a chur ar fáil. Ní bhaineann an rannán seo den fhoirm iarratais le hábhar ach i gcásanna áirithe. Baineann sé leis an méid seo a leanas: ● An dóigh a bhfuil sé ar intinn agat déileáil le haon bharrachas nó easnamh a bhfuil súil leis ● Sonraí maidir le costais eisceachtúla nó maidir le foinsí eisceachtúla maoinithe ar bith a bhfuil tú ag súil leo le linn an dá mhí dhéag ó 1 Eanáir-31 Nollaig 2017.
5. Dearbhú	Ní mór don chathaoirleach agus comhalta boird nó feidhmeannach sinsearach amháin eile a n-ainmneacha a chur leis an iarratas agus a dhearbhú go bhfuil an fhaisnéis go léir a thugtar ann fíor, iomlán agus cruinn.

An chaoi a mbainfidh an Chomhairle Ealaíon úsáid as an bhfaisnéis a thugann tú

Bainfidh an Chomhairle Ealaíon úsáid as an bhfaisnéis a thugann tú i d'iarratais chun tuiscint a fháil ar d'eagraíocht agus ar na gníomhaíochtaí sin a bhfuil tú ag lorg maoinithe dóibh sa tréimhse sin. Féadfaidh an Chomhairle Ealaíon cuid den fhaisnéis sin a úsáid ar fháthanna eile freisin – mar shampla chun ár mbunachar sonraí a nuashonrú nó chun cabhrú linn áitiú níos mó ar an Rialtas go gcaithfear maoiniú a sholáthar ar son na n-ealaíon.

Pléifear leis an bhfaisnéis a sholáthraíonn tú i d'iarratas ar mhaoiniú mar fhaisnéis rúnda. Bíodh sin mar atá, tá an Chomhairle Ealaíon, amhail formhór na gcomhlachtaí poiblí in Éirinn, faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise. Mar sin, tá sé de cheart ag aon duine, anois nó amach anseo, ábhair scríofa atá á gcoimeád ag an gComhairle Ealaíon a lorg, mura bhfuil siad toirmiscthe go sonrach de réir fhorálacha an Achta.

- Le tú féin a chur ar an eolas faoi fhorálacha an Achta, feic www.foi.gov.ie
- Le beartais na Comhairle Ealaíon i leith saoráil faisnéise a fheiceáil, feic www.artscouncil.ie

2.3 Líon isteach an Teimpléad um Athbhreithniú Airgeadais

Mura bhfuil sé déanta agat cheana féin, íoslódáil an Teimpléad um Athbhreithniú Airgeadais ó Sheirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon. Comhlánaigh an teimpléad le sonraí a thabhairt faoi stair airgeadais d'eagraíochta le déanaí.

2.4 Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas

Chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú an Deontais le haghaidh Clár Bliantúil, **ní mór** duit an t-ábhar seo a leanas a sholáthar ar líne:

- Foirm iarratais chomhlánaithe don Deontas le haghaidh Clár Bliantúil – ní mór an dearbhú i rannán 5 a shíniú (feic rannán 2.2 thuas)
- Teimpléad comhlánaithe don Athbhreithniú Airgeadais (feic rannán 2.3)
- Cuntais bhainistíochta don bhliain airgeadais reatha
- I dteannta leis an bhfaisnéis airgeadais a lorgaítear san fhoirm iarratais ar líne, ní mór duit buiséid mhionsonraithe nó faisnéis airgeadais eile a sholáthar a bhaineann leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe agat.
- I gcás gur luaigh tú tacaíocht airgeadais nó urraíocht ó eagraíochtaí nó ó dhaoine eile mar chuid de d'iarratas, caithfidh tú fianaise ar an tacaíocht sin a chur san áireamh
- Má tá obair le leanaí nó le daoine óga faoi ocht mbliana déag d'aois, nó saothar a chur i láthair an aoisghrúpa seo, i gceist le do thogra, ní mór duit cóip de *Bheartas um Chosaint agus Leas Leanaí* d'eagraíochta a chur isteach leis an iarratas seo. Ní mór duit a chinntiú gur forbraíodh do bheartas i gcomhar le *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* agus go dtagann sé leis na prionsabail atá ansin. Is féidir treoir reatha maidir le hullmhú bheartas d'eagraíochta um chosaint leanaí agus maidir le hathbhreithniú a dhéanamh air a fháil ar www.tusla.ie.
- Má tá obair le hainmhithe i gceist le do thogra, ní mór duit cóip den cháipéis *Beartas agus Nósanna Imeachta um Chosaint Ainmhithe* de do chuid a chur ar fáil.
- Aon fhaisnéis eile a shíleann tú atá ábhartha le haghaidh d'iarratais.

Ní mór duit gach ábhar tacaíochta den sórt sin a chur isteach ar líne; ní mór duit, más gá, ábhar a scanadh nó a shábháil i bhformáid leictreonach.

Is é **40 MB** an t-uasmhéid iomlán maidir leis an ábhar tacaíochta ar fad a uaslódáiltear le hiarratas amháin.

Na formáidí comhaid a nglactar leo

Liostaítear sa tábla seo a leanas na formáidí comhaid a nglactar leo mar chuid d'iarratas ar an Deontas le haghaidh Clár Bliantúil.

Cineál comhaid	Iarmhír comhadainm
téacschomhaid	.rtf/.doc/.docx/.txt
comhaid íomhá	.jpg/.gif/.tiff/.png
comhaid fuaime	.wav/.mp3/.m4a
comhaid físe	.avi/.mov/.mp4
scarbhileoga	.xls/.xlsx
Comhaid Adobe Acrobat Reader	.pdf

Bailigh le chéile na comhaid go léir a theastóidh uait in áit inrochtana ar do ríomhaire.

Naisc Ghréasáin a uaslódáil

Féadfaidh tú naisc a chur ar fáil chuig ábhar atá á óstáil ar YouTube (www.youtube.com) seachas an t-ábhar a uaslódáil go díreach. Chun é sin a dhéanamh, cóipeáil an URL (seoladh iomlán na háite ina bhfuil d'ábhar á óstáil ar YouTube) isteach i ndoiciméad Word nó a chomhionann agus uaslódáil é mar dhoiciméad tacaíochta ina bhfuil nasc gréasáin.

Seiceáil go n-oibríonn an nasc ó laistigh den doiciméad a uaslódálfaidh tú – i.e., go nascann sé i gceart le d'ábhar ar YouTube.

Mura mian leat go mbeadh ábhar a uaslódálann tú chuig YouTube chun críocha d'iarratais le feiceáil go poiblí, ainmnigh d'fhíseán mar cheann 'neamhliostaithe' sna socruithe.

2.5 Déan d'iarratas ar líne

Tá cúig chéim i gceist chun d'iarratas a chur isteach ar líne. Cliceáil ar **Sábháil dréacht** ag deireadh gach céime. Is féidir leat teacht ar ais chuig d'iarratas agus é a athbhreithniú tráth ar bith sula gcuirfidh tú isteach ar deireadh é.

1. Roghnaigh clár maoinithe agus íoslódáil an fhoirm iarratais

Chun tús a chur le hiarratas nua, cliceáil an cnaipe **Déan iarratas** ar do leathanach baile, agus lean na leideanna chun an clár um an Deontas le haghaidh Clár Bliantúil a roghnú. Tabhair tagairt uathúil do d'iarratas trína n-aithneofar é. Ag an gcéim seo, is féidir leat an fhoirm iarratais agus an Teimpléad um Athbhreithniú Airgeadais a íoslódáil freisin (mura bhfuil sé sin déanta agat cheana féin).

2. Cuir isteach achoimre ar an ioncam agus caiteachas (agus an méid atá á iarraidh ón gComhairle Ealaíon)

Iarrtar ort ag Scáileán 2a, **An méid atá á iarraidh san iarratas**, faisnéis airgeadais achomair a sholáthar:

- **An méid atá á iarraidh:** is é seo an méid maoinithe atá á iarraidh agat don tréimhse dhá mhí dhéag 1 Eanáir-31 Nollaig 2017. Ba chóir go mbeadh sé sin mar an gcéanna leis an méid iomlán i dtaca leis an **Maoiniú arna lorg ón gComhairle Ealaíon** a chuireann tú isteach ag bun THÁBLA B san fhoirm iarratais (sa bhosca dearg).
- **Ioncam iomlán:** is é seo an t-ioncam iomlán measta don tréimhse dhá mhí dhéag 1 Eanáir-31 Nollaig 2017, *agus an méid atá á iarraidh ar an gComhairle Ealaíon san áireamh*. Ba chóir go mbeadh iomlán na gcolún, **Ioncam ó fhoinsí eile** agus **Maoiniú arna lorg ón gComhairle Ealaíon**, i dTábla B den fhoirm iarratais i gceist leis sin.
- **Caiteachas iomlán:** is é seo an caiteachas iomlán measta don tréimhse dhá mhí dhéag 1 Eanáir-31 Nollaig 2017. Ba chóir go mbeadh iomlán an cholúin, **Caiteachas**, i dTÁBLA B den fhoirm iarratais i gceist leis sin. Cé go mbíonn an figiúr seo cothrom le figiúr an ioncaim iomláin sa chuid is mó de chásanna, ní bhítear ag súil go mbíonn sé sin amhlaidh i ngach cás – mar shampla, seans go bhfuil tú ag pleanáil barrachas oibriúcháin a ghiniúint chun críche sainiúla, amhail easnamh a tugadh ar aghaidh a laghdú.

3. Cuir sonraí faoi ioncam agus caiteachas isteach

I scáileán 2b, **Ioncam agus caiteachas mionsonraithe**, iarrtar ort faisnéis níos mionsonraithe faoi ioncam agus faoi chaiteachas a sholáthar ar thrí tháb ar leith, a gclúdaítear tréimhse dhifriúil le gach ceann acu. Figiúirí *cuimsitheacha* iad na figiúirí a chuireann tú isteach ag scáileán 2b a bhaineann le d'oibriú ina iomláine. Níltear ag súil leis go mbrisfeá síos de réir gníomhaíochta iad.

- **Figiúirí iarbhír le haghaidh 2015:** ba cheart go mbeadh na figiúirí seo cothrom le do chuntais iniúchta don bhliain sin
- **Figiúirí measta don 1 Eanáir 2016-31 Nollaig 2016:** ba chóir go mbeadh an tuar slua sna cuntais bainistíochta is déanaí atá agat le brath sna figiúirí seo
- **Figiúirí measta don tréimhse 1 Eanáir 2017-31 Nollaig 2017:** ba chóir go mbeadh d'ioncam agus do chaiteachas buiséadaithe, bunaithe ar na pleananna a gcuirtear síos orthu i do thogra, le brath sna figiúirí seo.

Tá treoir sna táblaí seo a leanas maidir leis an gcineál faisnéise a theastaíonn i gcomhair míreanna ioncaim agus míreanna caiteachais. Glactar leis go bhfuil na figiúirí a chuireann tú isteach don dá mhí dhéag atá le teacht ina meastacháin.

Míreanna ioncaim	**Cur síos**
Ealaíonta	An tsuim airgid a fhaigheann an eagraíocht óna gníomhaíochtaí ealaíne (mar shampla díol ticéad, foilseachán, díolacháin/coimisiúin ghailearaí, ceardlanna agus seimineáir).
Neamhealaíonta	An tsuim airgid a fhaigheann an eagraíocht óna gníomhaíochtaí neamhealaíne (mar shampla saoráidí nó trealamh a ligtear amach ar cíos).
Deontas ón gComhairle Ealaíon	Príomh-mhaoiniú faoi chlár deontais na Comhairle Ealaíon: ● Faighte le linn na tréimhse dhá mhí dhéag 1 Eanáir 2015-31 Nollaig 2015 ● Faighte don tréimhse dhá mhí dhéag 1 Eanáir 2016-31 Nollaig 2016. ● Á iarraidh don tréimhse 1 Eanáir 2017–31 Nollaig 2017.
Maoiniú eile ón gComhairle Ealaíon	Maoiniú ar bith a fhaigheann tú faoi dhámhachtainí nó scéimeanna eile san áireamh.
Deontas ó údarás áitiúil	Deontais faighte ó údarás áitiúil in 2015, in 2016 agus arna iarraidh i gcomhair 2017.
Maoiniú poiblí eile – náisiúnta	Maoiniú poiblí ó chomhlachtaí náisiúnta eile (e.g. SOLAS, ranna rialtais).
Maoiniú poiblí eile – idirnáisiúnta	Maoiniú poiblí ó chomhlachtaí idirnáisiúnta (e.g. foinsí AE).
Urraíocht, tabhartais agus dámhachtainí	Maoiniú a fhaightear ó ghnólacht, ar son poiblíochta, de ghnáth.
Luach na tacaíochta comhchineáil	Earraí nó seirbhísí a chuirtear ar fáil go deonach agus nach n-íoctar astu (mar shampla an t-am a chuireann oibrithe deonacha isteach).
Ioncam eile	Aon ioncam eile nach n-oireann d'aon cheann de na catagóirí thuas.
IONCAM IOMLÁN	An t-ioncam iomlán lena n-áirítear gach ceann de na míreanna thuas.

Míreanna caiteachais	Cur síos
Costais an Chláir	Na costais ealaíne a bhaineann le clár na heagraíochta a chur ar fáil (e.g. táillí ealaíontóirí agus stiúrthóirí, cultacha, seiteanna, soláthar faisnéise, etc).
Príomhchostais	Costais a bhaineann le reáchtáil leanúnach laethúil na heagraíochta (e.g. an phríomhfhoireann).
Príomhchostais (riarachán)	Costais oifige.
Príomhchostais (foirgneamh, áiseanna, fuinneamh)	Cíos, fruiliú, fóntais, cothabháil an fhoirgnimh.
Príomhchostais (margaíocht/caidreamh poiblí)	Caiteachas ar ábhar poiblíochta agus cur chun cinn (e.g. suíomh gréasáin poiblíochta, fógráin, etc.).
Luach na tacaíochta comhchineáil	Earraí nó seirbhísí a chuirtear ar fáil go deonach agus nach n-íoctar astu (mar shampla an t-am a chuireann oibrithe deonacha isteach).
Costais eile	Aon ioncam eile nach n-oireann d'aon cheann de na catagóirí thuas.
CAITEACHAS IOMLÁN	An caiteachas a d'íoc an eagraíocht lena n-áirítear gach ceann de na míreanna thuas.

4. Uaslódáil an fhoirm iarratais agus an t-ábhar tacaíochta

Lean na leideanna chun d'fhoirm iarratais atá comhlánaithe agus sábháilte a uaslódáil, mar aon le do Theimpléad um Athbhreithniú Airgeadais agus gach ábhar tacaíochta eile. Ní gá duit gach rud a uaslódáil ag an am céanna. Is féidir leat d'iarratas a shábháil mar dhréacht, agus teacht ar ais chuige níos déanaí.

5. Seol an t-iarratas

Tar éis duit an fhoirm iarratais, an Teimpléad um Athbhreithniú Airgeadais agus na doiciméid tacaíochta uile a uaslódáil, agus tar éis duit na sonraí ar líne a chur isteach, cliceáil **Cuir isteach** le d'iarratas a chur ar aghaidh.

Ní féidir an t-iarratas a athrú tar éis é a chur isteach. Ná cuir an t-iarratas isteach go dtí go mbeidh tú iomlán sásta leis.

Ba chóir a bheith ag súil le dhá ríomhphost a fháil. Eiseofar an chéad cheann láithreach bonn nuair a gheobhaidh an Chomhairle Ealaíon d'iarratas. D'fhéadfá an dara ceann a fháil cúpla nóiméad ina dhiaidh sin agus d'uimhir iarratais ann, a úsáidfear i ngach comhfhreagras a bhainfidh leis an iarratas seo. **Tabhair faoi deara**: tá sé tábhachtach go rachfá i dteagmháil le onlineservices@artscouncil.ie **mura bhfaigheann tú** an dara ríomhphost deimhnithe a mbeidh an uimhir iarratais ann.

3. Próiseáil agus measúnú na n-iarratas

3.1 Forbhreathnú

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a mheas, tugann sí breith orthu agus cuireann sí a breith in iúl do na hiarratasóirí de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos. Is é an aidhm atá ann a chinntiú go bhfuil córas cothrom trédhearcach ann maidir le cinntí a dhéanamh.

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a fhaightear a phróiseáil mar seo a leanas:

1	Déantar an t-iarratas a admháil.
2	Déanann baill foirne, agus comhairleoirí más cuí, measúnú scríofa ar an iarratas agus cuireann siad moltaí faoi bhráid na Comhairle.
3	Déanann an Chomhairle moltaí na foirne a bhreithniú agus a phlé agus déanann sí cinntí deiridh faoin méid sin.
4	Cuirtear cinntí in iúl do na hiarratasóirí i scríbhinn.